

TIGHEARNA CHUMBERLAND.

Bhi Tighearna i gCumberland uair. Ba leis Cumberland ar fad. Dubhairt sé go dtiocfadh sé a deanamh pléisiúr go dtiocfadh sé sé amach a breathnughadh ar na rioghachta agus go dtiubhrfhad sé leis a' soitheach a bhfearr a bhí aige.

D'ímtigh leis agus níor stop sé ariamh go ndeachaidh sé go dtí an Tuircéis. Nuair a tháinig sé go dtí an Tuircéis fuair Rí an Turcéis saighdiúir gur toigeadar a' shoiteach air agus gur thugadar leótab é fhéin agus gur chuireadar i bpríosún é. Nuair a bhí sé i bpríosún ansoin ag a Rí bhí chuile phionnús le fághail aige 'sa bpríosún. Bhí ingean ag a' Rí ansoin agus tháinig sí isteach sa bpríosún lá agus choiaic sí é agus bhí sé ina fhear an- bhreagh. Nuair a chonnaic sí istigh ansoin é "caithfidh mé" adeir sí thú thabhairt ag dinnéar." Ach nuair a bhí siad ag dinnéar ansoin "ar leat Cumberland uilig" adeir sí. "Is liom" adeir sé "agus cuid mhaith thairis." Nach shin é an áit is breaghtha faoi'n domhan" adeir sí. "Bhoil" adeir sé "bhfuil fhios a'd anois céurd a dheanfas thú. Cuirfidh mise soitheach abhaile leat agus fuireann agus tá sé chomh maith dhom-sa agus duit fhéin gealladh dhá chéile faoi cheann seacht mbliana agus naoi lá go bpósfhaidh muid a chéile."

D'ímtigh leis ansoin agus tháinig sé abhaile agus sheas sé suas na seacht mbliana agus naomhadh lá chuir sé fios ar bhean go bposadh sé í. Sé nós a dtáinig sí aige a marcuigheacht ar chapall. Bhoil nuair a bhí sí 'sa gcaisleán ansoin aige, buaileadh an doras nuair a bhí sé an oidhche d'oscail an doraiseoir an doras, bhí bean ag a doras agus ní raibh aon bhlas ariamh dhá cuid éudaigh le feiceál aige ach ór. Labhair sí leis. Dfiarruigh sí dhe a raibh an Tighearna istigh. "Tá" adeir sé. "Bhoil" sdeir sí "shilfheá go dtiocfadh sé ag a doras shilfheá go raibh sé i nám aige cuimhnughadh ar a gealltamhnas. Mise an bhean a leig as a' ngéibheann é agus mar a bhfuil sé le thigheacht chomh fada liom cuireadh sé píosa 'ráin agus glaine fíon a'm."

Tháinig an doraiseoir chomh fada leisa' Tighearna 'sa bpárlús gur chaith sé fhéin ar a dhá glúin ina fhiadhnaise. "Céurd tá ort" adeir an Tighearna. "Tá an bhean is breaghtha dá bhfaca mé ariamh ag a doras agus gan uirthi ar fad ach ór agus dubhairt sí go bí a leig as géibheann tú agus go raibh gealltamhnas idir thú fhéin agus í fhéin agus mar a raibh tú a dhul a cóimhlíonadh an ghealltamhnais píosa 'ráin agus glaine fíon a chur aici."

D'éirigh an Tighearna go ndeachaidh sé chomh fada léithi gur rug sé ar dhá láimh uirthi go dtug sé ar a mbord í. Nuair a thosuigh siad ag innseacht dhá chéile céurd a dheanfhadh siad bhí máthair na mná a tháinig ann "céurd tá dúil a'd a dheanamh le m'ingean" adeir sí "í fhágáil faoi'n saoghal. "Ní dhearnaidh mise tada ar t'ingean" adeir sé "ach go dtáinig sí chomh fada liom a marcuigheacht ar chapall agus cuirfidh mé agat ar ais a mbáireach i i gcóiste trí neach.

Phós sé fhéin agus ingean Rí na Tuircéis a' chéile agus dfaadar an aonfeacht go bhfuair siad bás.

11/9/32.